AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.3.2023
COM(2023) 142 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

Maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) 1013/2006 maidir le loingsithe giniúna dramhaíola, cóireáil agus loingsiú trasteorann maidir le dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl eile i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus an Ríocht Aontaithe 2016-2019

{SWD(2023) 56 final}

1. RÉAMHRÁ

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt an 22 Márta 1989 (‘an Coinbhinsiún’). Feidhmíonn an Coinbhinsiún chun sláinte daoine agus an comhshaol a chosaint ar éifeachtaí díobhálacha dramhaíola guaisí.

Le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le Loingsithe Dramhaíola (‘an Rialachán’),trasuitear an Coinbhinsiún i ndlí an Aontais.[1] I mí na Samhna 2021, mhol an Coimisiún Rialachán nua a chur in ionad an Rialacháin seo[2]. Tá an togra seo á phlé ag Parlaimint na hEorpa agus ag Ballstáit an Aontais.

Gach bliain féilire, cuireann gach Ballstát tuarascáil faoi bhráid Ardrúnaíocht an Choinbhinsiúin faoi chur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir leis an mbliain féilire roimhe sin.. Seoltar cóip den tuarascáil sin freisin (‘tuarascáil Basel’) chuig an gCoimisiún in éineacht le faisnéis bhreise mar a cheanglaítear trí Iarscríbhinn IX den Rialachán (‘ceistneoir an Aontais’)[3].

Gach trí bliana, tarraingíonn an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme suas ar thuarascálacha Basel agus ceistneoirí an Aontais. Is é seo an séú tuarascáil cur chun feidhme lena gcumhdaítear an tréimhse 2016-2019; Is eisceacht é an tuarascáil cheathairbhliantúil seo ón ngnáthsceideal tuairiscithe 3 bliana. Is féidir teacht ar shonraí thuarascálacha na mBallstát sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis.

Baintear úsáid as na téarmaí ‘allmhairiú’ agus ‘onnmhairiú’ sa Choinbhinsiún le haghaidh loingsithe atá ag teacht isteach nó ag dul amach as Páirtithe sa Choinbhinsiún. Faoi dhlí an Aontais, ní bhaineann na téarmaí sin ach le loingsithe isteach san Aontas nó amach as Sa doiciméad seo, úsáidtear na téarmaí i gcomhréir leis an Rialachán.

Sa tuarascáil cur chun feidhme , cuirtear faisnéis in iúl maidir le loingsithe dramhaíola faoina dtugtar fógra i.e. dramhaíl atá faoi réir an nós imeachta um réamhfhógra agus réamhthoiliú i scríbhinn de réir cheanglais an Rialacháin. Cumhdaítear leis sin loingsithe dramhaíola a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach[4], dramhaíl eile faoina dtugtar fógra[5]

[1] Regulation (EC) No 1013/2006 on Shipments of Waste ((IO L 190, 12.7.2006, lch. 1).

[2] https://environment.ec.europa.eu/publications/proposal-new-regulation-waste-shipments_ga

[3] Airteagal 51(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

[4] Sainmhínítear dramhaíl ghuaiseach leis an Rialachán faoi threoir Threoir 91/689/CEE maidir le dramhaíl ghuaiseach, treoir ina dtagraítear do liosta dramhaíola guaisí atá le tarraingt suas; cruthaíodh an liosta sin trí Liosta Dramhaíola na hEorpa, ar a léirítear dramhaíl ghuaiseach le réiltín. Sainmhínítear dramhaíl neamhghuaiseach mar dhramhaíl nach n-aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach. Toisc go bhfuil an Rialachán i gcomhlíontacht leis an gCoinbhinsiún, an dramhaíl uile a aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach leis an gCoinbhinsiún, aicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach leis an Rialachán í.

[5] Tagraíonn ‘dramhaíl eile faoina dtugtar fógra’ do dhramhaíl neamhghuaiseach a liostaítear in Iarscríbhinn II den Choinbhinsiún. Áirítear leis sin dramhaíl a bhailítear ó theaghlaigh (Y46) agus iarmhar a eascraíonn as loscadh dramhaíola tí (Y47). Tá na catagóirí dramhaíola sin faoi réir rialuithe atá cosúil leis na rialuithe a chuirtear ar dhramhaíolacha guaiseacha faoin gCoinbhinsiún.

agus dramhaíl neamhliostaithe[6]. Ní chumhdaítear dramhaíl a aicmítear ar an liosta glas[7], mar nach gá do na Ballstáit tuarascáil a thabhairt ar thrádáil sa dramhaíl den sórt sin. Dá bhrí sin,ní sholáthraítear forléargas leis an tuarascáil ar an méid iomlán dramhaíola a sheoltar laistigh den Aontas, a onnmharaítear ón Aontas agus a allmhairítear isteach san Aontas. Is neastacháin iad na figiúirí uile sa tuarascáil seo agus rinneadh slánú suas orthu.

2. TUAIRISCIÚ AG NA BALLSTÁIT

Chríochnaigh 26 Bhallstát tuarascálacha a bhaineann leis an gCoinbhinsiún do na 4 bliana uile sa tréimhse tuairiscithe 2016-2019 (de bhun Airteagal 51(1) den Rialachán) Chuir roinnt Ballstát tuarascálacha isteach tar éis an spriocdháta. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na Ballstáit a chuir tuarascálacha isteach déanach sa doiciméad iarscríbhinne a ghabhann leis seo.

Chríochnaigh 25 Bhallstát tuarascálacha a bhaineann leis an Rialachán do na 4 bliana uile sa tréimhse tuairiscithe 2016-2019 (de bhun Airteagal 51(2) den Rialachán). Chuir roinnt Ballstát na tuarascálacha isteach tar éis an spriocdháta. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil maidir leis na Ballstáit a chuir tuarascálacha isteach déanach sa doiciméad iarscríbhinne a ghabhann leis seo.

Chonacthas go raibh neamhréireachtaí ann maidir leis na méideanna dramhaíola a tuairiscíodh mar dhramhaíl a seoladh ó Bhallstáit an Aontais agus chuig na Ballstáit i gcás dramhaíl ghuaiseach agus na dramhaíola uile faoina dtugtar fógra . I gcás na dramhaíola uile faoina dtugtar fógra, ba é 2018 an bhliain tuairiscithe ba lú cruinneas, nuair a bhí méideanna a seoladh ó na Ballstáit 3,7 milliún tona níos mó ná na méideanna a seoladh chuig na Ballstáit. I gcás na dramhaíola guaisí, ba é 2016 an bhliain tuairiscithe ba lú cruinneas, ina raibh méideanna a seoladh ó na Ballstáit 1,1 milliún tona níos mó ná na méideanna a seoladh chuig na Ballstáit.

3. GINIÚINT DRAMHAÍOLA GUAISÍ AGUS DRAMHAÍL EILE FAOINAÁ DTUGTAR FÓGRA

Is féidir teacht ar na figiúirí is déanaí agus is ábhartha maidir le giniúint dramhaíola guaisí sna foilseacháin agus sna bunachair sonraí a choinníonn an Coimisiún[8]. De réir na sonraí a thuairiscigh na Ballstáit faoin rialachán maidir le loingsithe dramhaíola, ghin an tAontas 95 mhilliún tona de dhramhaíl ghuaiseach in 2016 agus 102 mhilliún tona in 2018. Is éard a bhí sa ghiniúint dramhaíola guaisí *per capita* in 2016 agus in 2018 san Aontas 197kg agus 210kg faoi seach.

In 2016, gineadh 2.2 billiún tona de dhramhaíl faoina dtugtar fógra san Aontas agus gineadh an méid céanna in 2018.

[6] Cé nach bhfuil na sonraí ar fáil maidir leis an nginiúint dramhaíola neamhliostaithe, cuirfear dramhaíl neamhliostaithe san áireamh icatagóir na dramhaíola guaisí nó i gcatagóir na dramhaíola eile faoina dtugtar fógra.

[7]Is éard atá sa 'dramhaíl ar an liosta glas' an chuid is mó de dhramhaíolacha neamhghuaiseacha is féidir a sheoladh lena n-aisghabháilgan réamhfhógra nó réamhthoiliú i scríbhinn ó na húdaráis inniúla.

[8] Féach https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/env_wasgen/default/table?lang=en

4. LOINGSITHE DRAMHAÍOLA Ó BHALLSTÁIT

Dramhaíl ghuaiseach

In 2016-2019, ba é meánmhéid bliantúil na dramhaíola uile faoina dtugtar fógra agus a seoladh ó na 27 mBallstát 19,3 milliún tona, agus dramhaíl ghuaiseach a bhí i gceist le 6,9 milliún tona (36 %) den dramhaíl sin ar an meán. Ó 2001 go dtí 2019, tháinig méadú faoi dhó ar an méid iomlán dramhaíola guaisí a seoladh laistigh agus lasmuigh den Aontas.

Cóireáladh 65 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh ón Aontas in 2016-2019 in oibríocht aisghabhála (i.e. athchúrsáladh nó cóireáladh í in oibríocht aisghabhála eile). Tá figiúir 2016-2019 de 65 % níos ísle ná an ceann ó thréimhse tuairiscithe 2013-2015, arb éard a bhí ann 76 %. Toisc go raibh an cion dramhaíola guaisí a seoladh as na Ballstáit agus a cóireáladh in oibríocht aisghabhála seasmhach go leor roimhe seo idir tréimhse tuairiscithe 2010-2012 agus 2013-2015, is athrú treochta é an figiúr níos ísle le haghaidh 2016-2019.

Idir an dá linn, d'fhan an cion dramhaíola guaisí a seoladh le haghaidh diúscairt beagnach seasmhach : 21 % in 2016-2019 i comparáid le 22 % in 2013-2015. Le linn na tréimhse céanna bhí ardú sa chion a tuairiscíodh mar dhramhaíl a seoladh le haghaidh coiréail mheasctha(i.e. meascán diúscartha agus aisghabhála) (2 % go dtí 13 %).

Taispeántar i dTábla 1 na hoibríochtaí bainistithe dramhaíola ar seoladh dramhaíl ghuaiseach amach as na Ballstáit dóibh.

Tábla 1. Dramhaíl ghuaiseach a sheol oibríocht bainistithe dramhaíola amach as na Ballstáit, (1 000 tona)

	2016	**2017**	**2018**	**2019**
Diúscairt	1 594	1 710	1 477	1 299
Aisghabháil	688	847	602	677
Athchúrsáil	3 012	4 107	3 723	4 279
Meascán	802	907	1 059	878
Ní shonraítear	1	0	1	0

Cosúil le blianta tuairiscithe roimhe seo, ba iad an Iodáil agus an Fhrainc an dá Bhallstát a sheol amach an méid is mó dramhaíola guaisí in 2016-2019, 6,8 milliún tona agus 3,9 milliún tona faoi seach tréimhse 4 bliana. Is í an Ghearmáin an Ballstát a sheol amach an tríú méid is mó, agus 3,6 milliún tona á sheoladh aici.

Onnmhairiú ón Aontas

Sa tréimhse tuairiscithe 2016-2019, onnmhairíodh 10 % de dhramhaíl ghuaiseach ón Aontas. Onnmhairíodh na dramhaíolacha sin chuig tíortha ECFE amháin toisc go bhfuil toirmeasc ar a n-onnmhairiú chuig tíortha nach tíortha ECFE iad.

Dramhaíl Eile faoina dTugtar Fógra

Table Taispeántar i dtábla 2 loingsithe dramhaíola eile faoina dtugtar fógra de réir cineál dramhaíola. Tabhair do d'aire gur fothacair iad dramhaíolacha Y46 (i.e. dramhaíl a bailíodh ó theaghlaigh) agus Y47 (iarmhair a eascraíonn ó dhramhaíl tí a loisceadh) a bhaineannleis an gcatagóir 'dramhaíl eile faoina dtugtar fógra'.

Tábla 2. Dramhaíl eile faoina dtugtar fógra a seoladh amach as na Ballstáit, 2016-2019 (1000 tona)

	2016	**2017**	**2018**	**2019**
Dramhaíl eile faoina dtugtar fógra	10 462	11 960	10 927	9 693
Y46	*1 268*	*1 355*	*872*	*826*
Y47	*639*	*546*	*646*	*739*

Ó 2001 go dtí 2019, tháinig méadú 463 % ar an méid iomlán dramhaíola faoina dtugtar fógra a seoladh laistigh den Aontas agus a onnmhairíodh uaidh. Table I dTábla 3, taispeántar loingsithe dramhaíola eile faoina dtugtar fógra de réir oibríochtaí bainistithe dramhaíola.

Tábla 3. Dramhaíl eile faoina dtugtar fógra a sheol oibreoirí bainistithe dramhaíola amach as na Ballstáit, (1000 tona)

	2016	**2017**	**2018**	**2019**
Diúscairt	508	542	410	350
Aisghabháil	3 113	3 342	2 460	2 714
Athchúrsáil	6 223	7 539	7 397	6 451
Meascán	617	528	660	178
Ní shonraítear	0	9	0	0

Dramhaíl neamhliostaithe

Sa roinn seo cuirtear sonraí i láthair maidir le loingsithe dramhaíola neamhliostaithe. Áirítear an dramhaíl sin sna sonraí maidir le loingsithe dramhaíola guaisí nó sna sonraí maidir le loingsithe dramhaíola eile faoina dtugtar fógra, bunaithe ar an aicmiú le cód i liosta dramhaíola an Aontais (LoW) nó ar fhaisnéis eile a tuairiscíodh sna sonraí loingsithe a aithníonn loingsithe mar loingsithe guaiseacha nó neamhghuaiseacha. Le linn na tréimhse 2016-2019, seoladh ar an meán 9,5 milliún tona de dhramhaíl neamhliostaithe. Bhí an chuid is mó de sin beartaithe le haghaidh oibríochtaí aisghabhála.

5. LOINGSITHE DRAMHAÍOLA CHUIG NA BALLSTÁIT

Chuir na Ballstáit uile faisnéis isteach maidir le dramhaíl a seoladh chuig a ndlínse de bhun Airteagal 51(1) den Rialachán le haghaidh gach ceann de na 4 bliana sa tréimhse tuairiscithe 2016-2019. Thuairiscigh 26 Bhallstát loingsithe dramhaíola den sórt sin le

linn 2016-2019, agus ba é Málta an t-aon Bhallstát a thuairiscigh nach bhfuair sé loingsithe dramhaíola guaisí ná loingsithe dramhaíola eile faoina dtugtar fógra.

In 2001, seoladh 7 milliún tona de dhramhaíl faoina dtugtar fógra chuig Ballstáit an Aontais, agus le linn na tréimhse 2016-2019; ba é 24 mhilliún tona an meánmhéid dramhaíola faoina dtugtar fógra in aghaidh na bliana. Is ardú 231 % é sin ó 2001 go dtí 2016-2019. Cé go mbíonn luaineacht i gceist leis an méid ó bhliain go bliain, ba é 22 mhilliún tona an meán le haghaidh 2013-2015, da bhrí sín, tá méadú 10 % ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe dheireanach. Thairis sin, chonacthas na leibhéil is airde loingsithe chuig Ballstáit in 2016 (26,1 milliún tona) agus in 2017 (26,6 milliún tona) ó bhí 2001 ann. Leanann sé sin de threocht ginearálta maidir le loingsithe dramhaíola isteach a bheith ag méadú le himeacht ama.

Cosúil le blianta tuairiscithe roimhe seo, ba í an Ghearmáin an Ballstát ar cuireadh an méid is mó dramhaíola faoinadtugtar fógra chuici, agus ghlac sí le 24 mhilliún tona le linn 2016-2019. Bhí an Fhrainc sa dara háit sa tréimhse 4 bliana agus í ag glacadh le 18 milliún tona, bhí an tSualainn sa tríú háit, agus í ag glacadh le 12 mhilliún tona.

Ag leanúint de threocht a chonacthas i dtréimhsí tuairiscithe roimhe seo, tháinig an dramhaíl ghuaiseach agus an dramhaíl eile faoina dtugtar fógra ar fad beagnach a seoladh chuig Ballstáit an Aontais in 2016-2019 ó áiteanna laistigh den Aontas nó ó thíortha CSTE. Le chéile, tháinig 99 % de na loingsithe dramhaíola faoina dtugtar fógra ón dá fhoinse sin.

Dramhaíl ghuaiseach

In 2016-2019, seoladh meánmhéid bliantúil de 10,2 milliún tona de dhramhaíl ghuaiseach (43 % den dramhaíl 'allmhairithe faoina dtugtar fógra) chuig na Ballstáit. Ba iad na Ballstáit agus tíortha CSTE le chéile ba chúis le 98 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh chuig Ballstáit an Aontais in 2016-2019, ardú beag ba ea é i gcomparáid le 2013-2015, nuair ba iad ba chúis le 97 % den dramhaíl sin.

Bíonn éagsúlacht idir 1 % agus 2 % ann gach bliain maidir leis an méid dramhaíola guaisí a allmhairítear ó thríú tíortha nach tíortha ECFE iad mar chion d'iomlán na loingsithe dramhaíola a fhaightear isteach.

Tháinig méadú 265 % ar an méid dramhaíola guaisí a seoladh chuig an Aontas ó 2001 go dtí 2019, beagán níos airde ná an méadú céatadáin le haghaidh dramhaíl faoina dtugtar fógra a seoladh chuig na Ballstáit (214 %).

In 2016-2019, sheol na Ballstáit 2,6 milliún tona de dhramhaíl ghuaiseach ón Aontas agus le linn na tréimhse céanna seoladh 11 mhilliún tona chuig an Aontas ó thríú tíortha. Dá bhrí sin, tá an tAontas ina ghlan-allmhaireoir de dhramhaíl ghuaiseach.

Bá í an Fhrainc an ceann scríbe ba choitianta le haghaidh dramhaíl ghuaiseach le linn 2016-2019 (17 milliún tona), agus bhí an Ghearmáin sa dara háit (10 milliún tona).

In 2016-2019, cóireáladh 78 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh chuig na Ballstáit in oibríocht aisghabhála agus 16 % i gcóras diúscartha, agus rangaíodh 6 % den dramhaíl mar dhramhaíl atá ag dul faoi chóireáil mheasctha. Tháinig laghdú beag (3 %) ar an gcion a tuairiscíodh a bhí beartaithe le haghaidh diúscairt ó 2013-2015 tháinig méadú beag (1 %) ar an gcion a tuairiscíodh a bhí beartaithe le haghaidh aisghabháil

In 2016-2019, chuaigh 53 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh le haghaidh diúscairt san Aontas chun na Gearmáine. Is méadú é sin i gcomparáid le 2013-2015 nuair a chuaigh 46 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh le haghaidh diúscairt chun na Gearmáine. Is dócha go bhfuil méid ard comhréireach na dramhaíola guaisí le haghaidh diúscairt ag dul chun na Gearmáine toisc go bhfuil líon comhréireach níos mó de shaoráidí diúscartha dramhaíola guaisí ann i gcomparáid le Ballstáit eile.

49 % den dramhaíl ghuaiseach a seoladh lena haisghabháil,seoladh chun na Fraince í. Is méadú mór é sin ó 2013-2015, nuair a ghlac an Fhrainc – arb í fós an ceann scríbe ar seoladh an méid is mó dramhaíola guaisí chuici lena haisghabháil– le 32 % den dhramhaíl chun na críche sin.

Dramhaíl Eile faoina dTugtar Fógra

59 % den dramhaíl uile faoina dtugtar fógra a seoladh chuig na Ballstáit, ba dhramhaíl eile faoina dtugtar fógra í. Ó 2001 go dtí 2019, tháinig méadú 189 % ar an méid iomlán dramhaíola eile faoina dtugtar fógra a seoladh chuig na Ballstáit.

6. Loingsithe Neamhdhleathacha, Iniúchtaí, agus Bearta Forfheidhmiúcháin

Loingsithe Neamhdhleathacha

Thuairiscigh na Ballstáit 5 502 loingsiú neamhdhleathach de dhramhaíl ghuaiseach ó 2016-2019, agus méadú ag teacht ar líon na loingsithe neamhdhleathacha a tuairiscíodh in aghaidh na bliana i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin. I gcás na mblianta 2013-2015, tuairiscíodh 933 loingsiú neamhdhleathach ar an meán in aghaidh na bliana, i gcás na mblianta 2016-2019 tuairiscíodh 1 376 loingsiú neamhdhleathach in aghaidh na bliana.

Tháinig feabhas ar an tuairisciú maidir le líon na spotseiceálacha/iniúchtaí a rinneadh i gcomparáid leis na tréimhsí tuairiscithe roimhe sin. I gcás na mblianta 2013-2015, níor thuairiscigh ach 11 Bhallstát san fhormáid a cuireadh ar fáil leis an gceistneoir ón Aontas, ach sna blianta 2016-2019, bhain 27 mBallstát úsáid as an bhformáid cheart.

Cuimsíonn neamhdhleathacht na loingsithe a tuairiscíodh idir chásanna ina bhféadfadh fíorbhotúin riaracháin a bheith ann agus iompraíocht is léir atá díobhálach don chomhshaol. Áirítear i measc na saincheisteanna riaracháin go dtuairiscíonn na Ballstáit go minic loingsithe a bhfuil an doiciméadacht chumhdaigh is gá i gcomhréir le hIarscríbhinn VII den Rialachán in easnamh orthu. Tuairiscíonn an Danmhairg go háirithe a lán cásanna d'fhíneálacha a bheith á n-eisiúint le haghaidh foirmeacha neamhchríochnaithe maidir le hIarscríbhinn VII. Saincheist eile a tuairiscítear is ea easpa fógra cuí. Thuairiscigh idir an Fhrainc agus an Ghearmáin (dhá Bhallstát díobh siúd leis an tuairisciú is airde maidir le loingsithe neamhdhleathacha) a lán cásanna iompair gan fhógra.

A mhéid a bhaineann le cásanna coiriúla, luaitear dramhthrealamh leictreonach agus leictreach agus feithicilí a bhfuil a ré caite go minic. Mar shampla, is loingsithe guaiseacha de dhramhthrealamh leictreonach agus leictreach iad formhór na loingsithe

neamhdhleathacha a thuairiscigh an Bheilg, tuairiscíonn Poblacht na Seice dramhthrealamh leictreonach agus leictreach a aithnítear go mícheart mar threalamh leictreach agus leictreonach le haghaidh athúsáide (neamhdhramhaíl); Tuairiscíonn Poblacht na Seice freisin feithicilí a bhfuil a ré caite a sheoltar i mbréagriocht gluaisteán athláimhe.

Sna blianta 2016-2019, thuairiscigh an Ghearmáin an líon iomlán is airde de loingsithe neamhdhleathacha, is é sin1 850 cás agus b'ionann sin agus 34 % de líon iomlán na gcásanna a tuairiscíodh san Aontas ó 2016 go dtí 2019. Áirítear leis sin áfach líon ard 'mionsáruithe' agus thart ar 480 cás d'aisdúichiú dramhaíola[9]. Nuair a eisiatar na cásanna agus na mionsáruithe sin, titeann líon loingsithe neamhdhleathacha na Gearmáine do 2016-2019 go dtí 163 chás (4 % de líon na gcásanna).

Is í an Bheilg an Ballstát leis an dara líon is airde de loingsithe neamhdhleathacha, is é sin 952 cás agus b'ionann sin agus 25 % de líon iomlán na gcásanna a tuairiscíodh san Aontas ó 2016 go dtí 2019. Thuairiscigh an Fhrainc an chéad líon eile is airde agus 625 chás á dtuairisciú aici (16 %).

Thuairiscigh an Bheilg an líon is airde de loingsithe neamhdhleathacha le haghaidh 2013-2015, thuairiscigh an Ísiltír an dara líon is airde le linn na tréimhse tuairiscithe sin. Ós rud é nár thuairiscigh an Ísiltír le haghaidh 2018 ná 2019, ní fhéadfar líon iomlán na loingsithe neamhdhleathacha a thabhairt le haghaidh na tréimhse tuairiscithe 2016-2019. I gcás na mblianta 2016 agus 2017 áfach, thuairiscigh an Ísiltír figiúirí arda, rud a fhágann sa cheathrú háit í ó thaobh tuairiscithe de le haghaidh 2016-2017, (tar éis na Gearmáine, na Beilge agus na Fraince).

Iniúchtaí

Faoi thuairisciú 2019, thuairiscigh 20 Ballstát (as na 26 Bhallstát a chuir faisnéis ar fáil) faoi iniúchtaí ag baint úsáid as an bhformáid nua trí iniúchtaí a thuairisciú atá imdhealaithe, ar an gcéad dul síos, de réir seiceálacha fisiceacha ar bhunaíochtaí, gnóthais, bróicéirí agus déileálaithe, a bhaineann le loingsithe dramhaíola agus ar an dara dul síos, de réir iniúchtaí ar loingsithe dramhaíola, lena n-áirítear seiceálacha fisiceacha. Chuir an chuid is mó de na Ballstáit leibhéal bunúsach faisnéise agus uimhreacha tuairiscithe ar fáil le haghaidh an dá chatagóir iniúchta agus chuir roinnt Ballstáit eile faisnéis níos sonraí ar fáil.

Áirítear na Ballstáit seo a leanas ar na Ballstáit a thug faisnéis níos mionsonraithe:

- An Ghearmáin, a d'imdhealaigh iniúchtaí ar loingsithe dramhaíola de réir iniúchtaí feidearálacha agus iniúchtaí stáit;
- An Bheilg, a chuir uimhreacha le haghaidh iniúchtaí cois bóthair ar fáil;
- An Fhionlainn a d'imdhealaigh iniúchtaí de réir na n-údarás náisiúnta éagsúil a thugann fúthu;
- An Ghréig, a thuairiscigh líon na gcros-seiceálacha sonraí; agus
- An Phortaingéil, a luaigh go n-áirítear iniúchtaí ar fheithiclí agus ar dhoiciméid riaracháin aonair araon le hiniúchtaí loingsithe dramhaíola.

Meastar gur mionchásanna iad na [9]teagmhais aisdúichithe dramhaíola a fhad agus nach ngearrtar aon phionós mór.

Mar gheall ar an neamhréir sa tuairisciú agus ós rud é, fiú nuair a úsáidtear an fhormáid nua, nach mbíonn sé soiléir cé na cineálacha iniúchtaí atá á gcur san áireamh ag na Ballstáit ina dtuairisciú, ciallaíonn sé go bhfuil éagsúlacht mhór ann maidir le líon na n-iniúchtaí a thuairiscítear ó Bhallstát go chéile, agus nach féidir comparáid a dhéanamh idir líon na n-iniúchtaí sna Ballstáit. Thairis sin, níl aon tuiscint choiteann ann go fóill maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin is ceart a áireamh mar spotseiceálacha[10]'.

Bearta Forfheidhmiúcháin

Chuir 13 Bhallstát sonraí ar fáil maidir leis na pionóis is féidir a eisiúint faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear pionóis airgeadais (an Bheilg, an Chróit, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin) agus téarmaí príosúnachta (an Bheilg, an Chróit, an Eastóin, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, agus Málta). Is cosúil nach ndearnadh athruithe móra ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin ar na pionóis a fhorchuirtear.

Tá an leibhéal is airde pionóis airgeadais a tuairiscíodh fós mar an gcéanna leis an leibhéal a bhí ann sa tréimhse tuairiscithe ó 2013-2015, is é sin an fhíneáil EUR 2 mhilliún i bPoblacht na Seice, agus is féidir í a chur i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha agus ar eintitis dhlítheanacha araon. Tá an téarma príosúnachta is faide a luadh fós mar an gcéanna, is é sin an téarma príosúnachta 10 mbliana sa Ghearmáin as damáiste tromchúiseach a dhéanamh don chomhshaol. Is pionós coitianta fós é téarma príosúnachta 2 bhliain mar a bhí ann sa tréimhse 2013-2015.

Níl na sonraí láidir go leor chun teacht ar chonclúidí maidir le cé acu atá fíneálacha arda agus téarmaí príosúnachta níos faide ina ndíspreagadh maidir le loingsiúneamhdhleathach dramhaíola nó nach bhfuil. Is amhlaidh i gcónaí é go bhfuil an líon is airde loingsithe neamhdhleathacha ag an mBeilg cé go bhfuil an dara agus an tríú fíneáil is airde (suas le EUR 500 000 i bhFlóndras agus suas le EUR 1,000 000 sa Vallúin) aici agus go ngearrtar téarmaí príosúnachta (5 bliana) ann freisin.

7. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

D'fhoilsigh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán an 30 Eanáir 2020[11]. Thairis sin,chuir an Coimisiún togra síos le haghaidh rialachán nua maidir le loingsithe dramhaíola an 17 Samhain 2021. Tá an togra sin á mheas faoi láthair ag na comhreachtóirí i bParlaimint na hEorpa agus sa Chomhairle.

[10] Le Rialachán (AE) Uimh 660/2014, lena leasaítear Rialachán Uimh 1013/2006, cuireadh an téarma 'iniúchadh' in ionad an téarma 'spotseiceáil' sa Rialachán . Tá feidhm leis an leaú sin ó mhí Eanáir 2016.

[11] https://ec.europa.eu/environment/pdf/waste/shipments/SWD_2020_26_F1_SWD_EVALUATION_EN_V4_P1_1064541.pdf